

gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
*Galway and Roscommon
Education and Training Board*

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Plean Seirbhíse

2021

1. Réamhfocal an Phríomhfheidhmeannaigh

Leagann Plean Seirbhíse 2021 GRETB amach cineál agus méid an oideachais agus na hoiliúna a fhéachfaimid a chur ar fáil in 2021. Tá an soláthar seo laistigh de na hacmhainní atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais (RO) agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE).

De bharr na paidéime domhanda Covid-19, beidh ar GRETB cuid de na seirbhísí a chur ar fáil trí mheascán d'fhormáidí éagsúla. Tá pleanáil agus soláthar seirbhíse GRETB in 2021 ag brath ar chomhairle sláinte poiblí agus cinntí an Rialtais i leith na paidéime Covid-19. Táimid dóchasach, áfach, go leanfaidh na seirbhísí a chuireann GRETB ar fáil ag freastal ar riachtanais ár bhfoghlaimoirí in ainneoin na ndúshlán a ghabhann le Covid-19. Cuimsíonn an Plean Seirbhíse seo Ráiteas Straitéise GRETB 2017-2021, a threoróidh ár gcuid oibre trí 2021. Spreagann ár mbunluachanna - ceannaireacht, cuntasacht, nuálaíocht, comhoibriú agus inchuimsitheacht - obair ár mbaill foirne uile chun ár bhfís a fhíorú i.e a bheith chun tosaigh i soláthar cláir agus seirbhísí oideachais agus oiliúna d'ardchaighdeán a fhreagraíonn do riachtanais foghlaimoirí agus na sochaí i saol atá ag athrú.

Is é ár misean tacú le daoine aonair trí fhoghlaim, le go mbainfidh siad amach a n-acmhainneacht iomlán agus cur le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch. Chuige sin, cuireann GRETB ar fáil raon leathan seirbhísí oideachais fud fad réigiún an-leathan in Iarthar na hÉireann. Freastalaímid ar dhaonra éagsúil le riachtanais dhifriúla oideachais, shóisialta agus chultúrtha. Cuirimid ar fáil deiseanna oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin agus inbhuanaithe do bhunscoileanna, d'iar-bhunscoileanna, Iar-Ardteistiméireacht, Oideachas agus Oiliúint Athdheise, Printíseachtaí, Mic Léinn faoi Oiliúint, don Phobal, Litearthacht agus Oideachas Allamuigh, agus go leor clár agus seirbhísí eile sa réigiún.

Agus sinn ag treisiú ar ár n-iarrachtaí le seirbhísí agus torthaí oideachasúla a fheabhsú, is gá dúinn díriú ar chostas agus inbhuanaitheacht seirbhísí le go gcinnteoimid go mbainfimid amach an luach ar airgead is fearr don phobal agus dár bhfoghlaimoirí araon. Aithníonn GRETB an riachtanas feidhmiú laistigh de theorainneacha an chistithe a fhaighimid. Ag cur san áireamh scála na ndúshlán geografach agus déimeagrafach atá i gceist, déanfaidh GRETB gach is féidir linn leis na hacmhainní a fhaighimid.

Is mian liom tiomantas ár mbaill foirne uile a aithint, agus go háirithe trí dhúshlán bhreise na paidéime Covid-19, a chinntíonn trína ndianiarrachtaí ar bhonn laethúil go leanfaidh GRETB ag cumasú muintir Ros Comáin agus na Gaillimhe a mbíonn déileáil acu lenár seirbhísí.

Daibhéid Ó Laocha
Príomhfheidhmeannach

2. Cúlra agus Eolas Staidrimh

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) ar 1 Iúil, 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus mar chónascadh de thrí Choiste Gairmoideachais (Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe agus Contae Ros Comáin). Tháinig an t-iarlonad Oiliúna FÁS i Mervue, Gaillimh faoi choimirce GRETB i Mí Iúil 2014. Tá struchtúr corparáideach ag GRETB comhdhéanta de choiste atá ceaptha go daonlathach, mar aon le foireann bainistíochta (feidhmeannas). Tá ár bPríomhoifig lonnaithe i mBaile Átha an Rí agus ár bhfo-oifig i mBaile Ros Comáin.

Cuireann GRETB raon leathan seirbhísí oideachais ar fáil i gceantar an-fhairsing in Iarthar na hÉireann. Freastalaímid ar dhaonra ilchineálach le riachtanais éagsúla oideachais, sóisialta agus cultúrtha. Cuirimid seirbhísí ar fáil do dhaonra os cionn 342,000 (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2016). Áirítear scoileanna náisiúnta pobail, scoileanna dara leibhéal, breisoideachas agus oiliúint agus clár oideachais agus oiliúna phobalbunaithe i measc na seirbhísí sin. Is é GRETB a fheidhmíonn agus a bhainistíonn Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall ar an bhFairche, mar aon le Seirbhís Oideachais i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh agus Ionad Oideachais do dhídeanaithe i mBealach an Doirín. Is é GRETB an eagraíocht cheannais do thrí thionscadal Music Generation (Contae na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe agus Ros Comáin). De réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, táimid freagrach as tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí obair óige i gcontaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin.

Seo a leanas sprioc-chliant GRETB:

- Mic léinn agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí
- Foghlaimeoirí aosacha
- Pobail
- Daoine óga agus oibrithe deonacha
- Iarratasóirí agus faighteoirí deontais faoi na scéimeanna tacaíochta éagsúla a riarann an Bord Oideachais agus Oiliúna go díreach
- Fostóirí ar mian leo díriú isteach ar bhearnaí i réimsí scileanna
- Daoine fostaithe atá ag iarraidh tabhairt faoi uas-sciliú

Seirbhís	Líon suíomhanna	Líon rannpháirtithe 2020/2021
Scoileanna Náisiúnta Pobail [CNS]	2	80
Dara Leibhéal & Iar-Ardteistiméireacht Ranganna Tráthnóna i Scoileanna 2018/2019	20	7545* 1830**
		*Iomlán tairbhíthe 2020
Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna Music Generation (rannpháirtithe rialta)	40	12,438** 2624
Music Generation – blaschúrsaí, ceardlanna		325

*Taifeadtar soláthar Iar-Ardteistiméireachta agus Ranganna Tráthnóna i scoileanna faoi Scoileanna sa Phlean Seirbhíse seo.

**Baineann figiúirí ranga tráthnóna leis an mbliain acadúil 2019/2020.

*** Tagraíonn tairbhíthe don líon iomlán rannpháirtithe ar ár gclár ó 1 Eanáir 2020 go 31 Nollaig 2020.




Tá GRETB ar an dara Bord Oideachais agus Oiliúna is mó sa tír ó thaobh na tíreolaíochta di, lena n-áirítear ceithre oileán amach ón gcósta. Síneann sé ó Mhainistir na Búille i gContae Ros Comáin, go Conamara san Iarthar, Cathair na Gaillimhe agus soir ó dheas go Port Omna in oirthear Chontae na Gaillimhe. Tá an limistéar Gaeltachta is mó sa tír ó thaobh fairsinge agus daonra i gContae na Gaillimhe. Tá cur chun cinn na Gaeilge ina gné lárnach de phríomhsheirbhís GRETB. Tá ocht gColáiste lán-Ghaeilge faoi chúram an Bhoird agus feidhmíonn líon dár n-ionad Breisoideachais agus Oiliúna i gConamara trí mheán na Gaeilge.

Daonra 2016	Gaillimh	Ros Comáin
Daonra 2016	258,552	64,544
Athrú Daonra (2011-2016)	7.50%	0.70%
Dlús Daonra (2016) Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh Daonáireamh 2011	42.04 duine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh	25.33 duine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh

3. Fís, Misean agus Bunluachanna

D'fhaomh Bord GRETB Ráiteas Straitéise GRETB 2017-2021 i Meitheamh 2017. Le linn don Ráiteas Straitéise seo bheith á ullmhú, féachadh ar eochairstraitéisí náisiúnta, ar nós Plean Gnímh na Roinne Oideachais agus Scileanna 2016-2019, an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019, chomh maith le straitéisí náisiúnta eile. Aithníodh roinnt téamaí comónta sna straitéisí agus sna pleananna seo agus ba iad seo ba bhun le forbairt straitéis GRETB. Chuathas i mbun próiseas comhairliúcháin comhoibríoch trasearnála le príomhpháirtithe leasmhara. Ag éirí as seo, aithníodh spriocanna agus tosaíochtaí straitéiseacha agus forbraíodh plean gnímh, le hamlíne. Beidh na spriocanna, na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí seo mar bhun le pleananna gnímh do gach sraith den eagraíocht. Déanfaidh an Fhoireann Ardbhainistíochta faireachán ar na gníomhartha uile ar bhonn bliantúil.

Fís, Misean agus Bunluachanna



Spriocanna Straitéiseacha

Socraíonn Ráiteas Straitéise GRETB cuspóirí ardleibhéil don eagraíocht faoi cheithre sprioc straitéiseacha, atá ag teacht le straitéisí náisiúnta oideachais:

1. Feabhas a chur ar eispéireas foghlama agus le rath foghlaimeoirí

2. Feabhas a chur ar dhul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu agus iad siúd atá éagsúil ó thaobh na teanga de, nó i dtéarmaí cultúir nó sóisialta

3. Cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil

4. Cinntiú go bhfuil ár n-infreastruchtúr éifeachtach agus éifeachtúil (daoine, próiseas agus struchtúr)

Tá tosaíochtaí straitéiseacha dá cuid féin ag gach sprioc, a chuirfear i gcrích trí shraith de bhearta tacaíochta. Dearadh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo chun cuidiú le GRETB teacht i dtír ar na deiseanna a thiocfaidh aníos agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thiocfaidh chun cinn sna cúig bliana seo romhainn.

3.1 Ráiteas Seirbhíse – Scoileanna

Tá GRETB ina phátrún de 20 scoil iar-bhunoideachais, lena n-áirítear soláthar Iar-Ardteistiméireachta (PLC) agus 2 Scoil Náisiúnta Phobail (CNS). Mar Phátrún, soláthraíonn GRETB raon seirbhísí agus tacaíochtaí do gach scoil, lena n-áirítear, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, forbairt cláir, acmhainní daonna, rialachas, airgeadas, cóiríocht agus cothabháil, ráthú caighdeáin, forbairt beartais, chomh maith le feabhas a chur ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim don bhliain acadúil 2020-2021, chomh maith le maoirseacht ar chosaint leanaí.

Comhobríonn GRETB go díreach le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) mar aon le forais náisiúnta eile agus páirtneirí san oideachas chun Beartas Oideachais a fhorbairt agus cuidiú le scoileana GRETB le go mbeidh a n-ionchur siúd áirithe i mbeartas oideachais agus cinnteoireacht cleachtas oideachais agus fóraim phlé.

Cé gur thug Covid-19 a lán dúshlán do scoileana GRETB, díriodh isteach ar chuir chuige nach raibh i bhfócas roimhe seo, go háirithe cianmhúinteoireacht agus cianfhoghlaim, tacaíocht churaclaim chianda, tacaíocht TFC/IT, Forbairt Ghairmiuil Leanúnach (FGL) agus folláine. Tá a gcleachtais mhúinteoireachta agus foghlama curtha in oiriúint ag scoileana GRETB ó 12 Márta, 2020, tráth nuair a dúnadh scoileana den chéad uair de bharr Covid-19, nuair a baineadh feidhm as acmhainní reatha TFC ar fud ár scoileana, nuair a ceannaíodh acmhainní agus gairis nua do mhic léinn agus múinteoirí, mar aon le hoiliúint a chur ar fáil agus tacaíocht TFC/IT.

Faoi láthair, tá GRETB ag beartú modhanna agus struchtúir chun tacú le meantóireacht Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha nuacheaptha. Tá roinnt de bhainistíocht shinsearach GRETB tar éis iad féin a chur chun cinn mar mheantóirí, ag cur tacaíochta agus treorach ar fáil dá gcomhghleacaithe nuacheaptha, ag leibhéal Príomhoide agus Príomhoide Tánaisteach araon. Meastar tacaíocht den chineál seo a bheith bunriachtanach de réir mar a éabhláíonn ról an Phríomhoide/an Phríomhoide Thánaistigh, rólanna lena mbaineann iltascáil agus cinnteoireacht leanúnach, go minic le heolas neamhlán, chomh maith le roinnt córas casta a stiúradh, obair a bhíonn scanrúil agus dúshlánach go minic.

Cuireadh tús i mí na Nollag 2018 le tionscadal caipitiúil ilmhíliún faoin Roinn Oideachais (RO) chun atógáil a dhéanamh ar Choláiste an Chláirín, Baile Átha an Rí. D'oscail scoil nua Choláiste an Chláirín do mhic léinn den chéad uair Meán Fómhair 2020. Bhog Coláiste an Eachréidh chuig cóiríocht shealadach nua i mBaile Átha an Rí, fad is atá plean forbartha do champas le haghaidh Choláiste an Eachréidh agus Ghaelscoil Riada ag dul chun cinn.

Tá coláistí pobail GRETB ina ndlúthchuid dá bpobail áitiúla. Tá siad ionchuimsitheach agus cumasaíonn siad daoine óga lena gcuid acmhainneachta a fhíorú sa tsochaí. Cumasaíonn Coláistí Pobail an Bhoird mic léinn, múinteoirí agus tuismitheoirí dul chun cinn oideachasúil a bhaint amach i dtimpeallacht atá dearfach agus spreagúil.

I measc na gclár a thairgtear inár gcoláistí pobail, tá:

- An Teastas Sóisearach
- Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
- An Idirbhliain

- An Ardteistiméireacht
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta
- Clár i mBunscoileanna Cheird na hIascaireachta
- Scoláireacht/cónaitheacht bhliain acadúil amháin ar oileáin amach ón gcósta
- Oideachas Aosach agus clár ranganna tráthnóna

Tairgtear raon iomlán ábhar sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach, lena n-áirítear teangacha, léann daonna, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht. Spreagtar mic léinn le bheith rannpháirteach in uile ghné de shaol na scoile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí eischuraclaim cosúil le drámaíocht, ceol, díospóireacht, spórt, gníomhaíochtaí cultúrtha, Léargas/Erasmus agus iliomad gníomhaíochtaí Gaeilge.

Le cinntiú go mbainfear amach an caighdeán is airde múinteoireachta agus foghlama agus an taithí oideachasúil is fearr is féidir dár mic léinn, tairgeoidh GRETB tacaíocht do gach scoil sna réimsí seo a leanas:

- Oideachas Speisialta agus Tacaíocht Foghlama;
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do mhúinteoirí agus d'fhoireann tacaíochta, Uimhearthacht agus Litearthacht, Múineadh agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta;
- FGL i gCosaint Leanaí (*ar iarratas ón scoil do mhúinteoirí atá ann cheana féin agus mar chuid lárnach d'ionduchtúchán foirne nua*);
- Oideachas trí mheán na Gaeilge, chomh maith le hoideachas Gaeltachta. Cuireann 8 scoil GRETB Oideachas trí Ghaeilge ar fáil;
- Clár forbartha do Phríomhoidí, do Phríomhoidí Tánaisteacha agus do shealbhóirí Post Meánbhainistíochta gach scoil GRETB, sin i gcomhar leis an tSeirbhís um Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus gníomhaireachtaí ábhartha eile;
- Eochairchóirte foirne eile, lena n-áirítear Cúntóirí Riachtanas Speisialta, foireann riaracháin agus airíochais

Chomh maith leis an tacaíocht luaite thuas, tairgfear tacaíocht freisin sna réimsí forbartha polasaí agus rialachais trí obair leanúnach agus oiliúint le scoileanna agus Boird Bhainistíochta. Go luath i mí Feabhra 2020, cuirfear tús le clár oiliúna do Bhoird Bhainistíochta, clár atá aontaithe go náisiúnta agus le tacaíocht agus comhordú ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI). Clúdóidh an oiliúint modúil cosúil le Rialachas, Cosaint Leanaí agus Airgeadas. Go hiondúil, eagraíonn GRETB scoileanna GRETB fud fad na Gaillimhe agus Ros Comáin chun an oiliúint seo a éascú ach, de bharr na paindéime Covid-19, cuirfear tús leis an oiliúint seo go cianda mí Feabhra 2021.

Ag druidim le deireadh 2019, bunaíodh Fóram Tuismitheoirí fud fad limistéar GRETB agus cuireadh tús lena chur i bhfeidhm de réir mar a ceapadh baill nua do bhord nua

GRETB/Boird Bhainistíochta nua. Cé go bhfuil an soláthar seirbhíse slán go struchtúrtha, tháinig laghdú air le linn Covid-19 ach cuirfear borradh faoi le hathsoscailt scoileanna.

Oibríonn GRETB le hollscoileanna óna dtagann rannpháirtithe don chlár Máistir Gairmiúil le hOideachas (MGO), chun tabhairt faoi shocrúcháin mhúinteoireachta i scoileanna GRETB, agus comhaontaíodh go foirmiúil gach is gá maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus Oiliúnt um Chosaint Leanaí ar líne TUSLA.

Tá 20 scoil ag GRETB agus tá ocht gcinn díobh seo ag múineadh trí mheán na Gaeilge, seacht gcoláiste Gaeltachta ina measc. Is é GRETB an t-aon Bhord Oideachais agus Oiliúna sa tír le trí iar-bhunscoil ar oileáin scoite amach ón gcósta. Tá fás leanúnach ar earnáil na scoileanna GRETB le deich mbliana agus leanfaidh an fás sin ar feadh roinnt blianta eile. Comhaontaíodh in 2020 go mbunófaí Coiste Gaeilge nua in GRETB chun tacú le coláistí Gaeltachta agus Gaelcholáistí, chomh maith le tacú le seirbhísí trí Ghaeilge GRETB.

Tá dúshlán uathúla i gceist chomh fada is a bhaineann le hacmhainní dóthanacha agus cuí a fháil chun tacú le scoileanna oileáin GRETB agus iad a choinneáil. D'ainneoin easpa polasaí náisiúnta oideachais do phobail oileáin, tá straitéisí tacaíochta forbartha ag GRETB chun acmhainní a chur ar fáil dár scoileanna oileáin.

Tá agus beidh GRETB i dteagmháil rialta le ROS, le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Stáit chun cuidiú ROS agus na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (RCOG) a fháil dár scoileanna oileáin amach ón gcósta, sin le go mbeifear in ann scoileanna leochailleacha beaga iar-bhunoideachais oileáin a choinneáil ag imeacht trí pholasaí náisiúnta sa réimse sin a chruthú.

Toisc gur mhéadaigh cohórt daltaí GRETB isteach is amach le 25% ó 2013, leanfaidh an Bord i mbun caidrimh le ROS le go dtógfear an fás seo san áireamh laistigh den mhúnla acmhainní airgeadais atá in úsáid ó 2012.

Chomh maith leis sin, thóg GRETB an phátrúnacht ar lámh de dhá Scoil Náisiúnta Phobail (SNP), SNP na Leithcheathrún i gContae Ros Comáin (Scoil Náisiúnta Naomh Eoin roimhe sin) agus Scoil Náisiúnta Phobail Chuan na Gaillimhe (Scoil Steiner na Gaillimhe roimhe sin) i gCnoc na Cathrach, Gaillimh. Chuir SNP na Leithcheathrún fáilte roimh 16 dalta chuig an scoil beirt oidí don bhliain acadúil 2020. Is dea-scéala an t-ardú seo ón gcohórt ochtar daltaí a chláraigh díreach bliain ó shin. Bhí rollú de 55 dalta ag CNP Chuan na Gaillimhe in 2019; mhéadaigh sin go 63 dalta in 2020.

Scoileanna Dara Leibhéal

Ainm na Scoile	Rollú 2020/2021	Figúirí Iar-Ardteistiméireachta 2020/2021
Coláiste Cholmcille, Indreabhán	103	
Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin	32	
Coláiste an Chláirín, Baile Átha an Rí	604	67
Coláiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach	623	
Coláiste an Chreagáin, An Creagán	77	60
Coláiste Naomh Éinne, Cill Rónáin, Oileáin Árann	39	
Coláiste Chilleáin Naofa, An Cnoc Breac	162	
Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna	74	
Coláiste na Coiribe, Cathair na Gaillimhe	608	
Institiúid Theicniúil na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe	Níl infheidhme	1,001
Coláiste Ghobnait, Inis Oírr, Oileáin Árann	31	
Coláiste na bPiarsach, Ros Muc	60	
Coláiste an Ardeaspig Mhic Éil, Tuaim	265	
Coláiste Pobail na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe	269	290
Coláiste Pobail Ail Finn, Ros Comáin	143	
Coláiste Pobail Ros Comáin	513	
Coláiste Pobail na Mainistreach, Mainistir na Búille	438	
Coláiste Mhuirlinne, Cathair na Gaillimhe	660	
Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí	252	
Coláiste Bhaile Chláir, Baile Chláir	1,174	
Iomlán	6,127	1,418

Ranganna d'Oideachas Aosach/Tráthnóna i scoileanna 2019/2020: **1,830**

Scoileana Náisiúnta Pobail:

Ainm na Scoile	Rollú 2020/2021
Scoil Náisiúnta Phobail na Leithcheathrún, Ros Comáin	16
Scoil Náisiúnta Phobail Chuan na Gaillimhe, Gaillimh	64
Iomlán	80

3.2 Ráiteas Seirbhíse - Breisoideachas agus Oiliúint [FET]

Tugadh aitheantas i Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS 2014-2019 do na prionsabail a léiríodh sa Phlean Gníomhaíochta don Fhostaíocht, sa Straitéis Náisiúnta um Scileanna 2025, Bealaí chun na hOibre agus sa bheartas oideachais níos leithne. Thug an Straitéis aghaidh ar na dúshlán uathúla atá os comhair na hearnála agus mhol sí clár scileanna spriocdhírthe chun tacú leo siúd atá ag lorg fostaíochta iad féin a athsciliú agus a uas-sciliú i réimsí ina bhfuil deiseanna fostaíochta feiliúnacha ag teacht chun cinn. Agus í i mbun na hoibre seo, rinne an tSeirbhís Breisoideachais agus Oiliúna tuilleadh forbartha chun clár oideachais agus oiliúna sholúbtha, fhorásacha agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Féachann Straitéis FET 2020-2024 le tógáil ar thionscnaimh a bhí ann roimhe seo, agus í ag cur san áireamh go bhfuil comhthéacs eacnamaíoch athraithe ann sa mhéid is go bhfuil an ráta dífhostaíochta ag 4.5%. Forbraíodh comhaontuithe feidhmíochta straitéiseacha idir SOLAS agus na Boird Oideachais agus Oiliúna agus aithníodh sé bhunghné den bhreisoideachas agus oiliúint, mar aon le spriocanna córais FET a ghabhann leo. Seo a leanas na bunghnéithe sin: Tacú le Cruthú Fostaíochta; Bealaí chun na Foghlama; Cuimsiú Gníomhach; Foghlaim ar feadh an tSaoil agus Uas-sciliú an Fhórsa Saothair, Bearnaí Scileanna a Aithint agus Múnlaí Nua Seachadta.

Chuir tús na paindéime Covid-19 i mí Márta 2020 iallach orainn athbhreithniú láithreach a dhéanamh ar ár bpleananna oideachais agus oiliúna. Chuir dúnadh go leor tionscal, go háirithe tionscail an fháilteachais agus miondíola, ardú suntasach ar an ráta dífhostaíochta. Bhí go leor daoine as obair anois agus bhí siad ag lorg malairt clár oideachais agus oiliúna. Bhog Roinn Breisoideachais agus Oiliúna (FET) GRETB go sciobtha chuig cur chuige cumaiscthe o thaobh seachadadh clár. Rinne an t-aonad d'Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL), a raibh saineolas suntasach aige i múinteoireacht agus foghlaim ar líne, éascaíocht don chur chuige nua seo.

Tháinig GRETB ar Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí le SOLAS don tréimhse 2018-2020, inar aithníodh spriocanna agus tosaíochtaí straitéisí don GRETB a bhí sainiúil don earnáil. I measc na dtosaíochtaí sin, bhí méadú sa soláthar a dhéantar do Chúrsaí Oiliúna agus do Phrintíseachtaí, gné litearthachta a thabhairt isteach i gclár, fostaithe a uas-sciliú san fhórsa saothair mar aon le clár a chur ar fáil dóibh siúd atá ag fillleadh ar an bhfórsa saothair. San áireamh leis na spriocanna bhí ardú i líon na dteastas, tuilleadh daoine ag dul ar aghaidh chuig fostaíocht agus chuig breisoideachas chomh maith le harduithe i líon na ndaoine ag baint leasa as an soláthar oideachais feadh an tsaol. Tacaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillmhe agus Ros Comáin go sonrach le prionsabail na Straitéise FET agus é i mbun pleanála agus soláthair trí leanúint le hailíniú forbairt scileanna agus oiliúint le príomhchuspóir Phlean Gníomhaíochta don Fhostaíocht, is é sin an líon atá fostaithe sa réigiún a ardú 10-15% sa tréimhse go dtí 2020 (Plean Gníomhaíochta an Iarthair don Fhostaíocht 2015-2017). Le linn 2021, féachfaimid le leanacht leis na bearta a tosaíodh in 2020 agus oibreimid go dlúth le SOLAS féachaint le tabhairt faoi eochairthionscnaimh a bhaineann go sonrach le hearnáil an Fháilteachais. Tá an fhoireann Skills to Advance ag gníomhú le SOLAS faoi láthair chun tús a chur le roinnt clár spriocdhírthe san earnáil seo. Tá Foireann Ardbhainistíochta FET ag obair go dlúth leis an bhfoireann Athraithe Lár na Tíre

chun a chinntiú go dtacaíonn ár gcláir le hinbhuanaitheacht sna ceantair sin atá buailte go dona ag dúnadh tionscail cosúil le Bord na Móna.

Leanfaidh GRETB ag tabhairt ceannaireachta i soláthar breisoideachais agus oiliúna sa réigiún trí chéile agus i ngach earnáil, ón mbunoideachas go scileanna sainiúla agus oiliúint obairbhunaithe. Agus é ina phríomhsholáthróir, beidh GRETB ag croílár comhpháirtíochtaí ábhartha agus nuálaíochta leis an earnáil thionsclaíoch chun dlús a chur le forbairt agus seachadadh clár oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán. I gcomhthráth leis sin a bhaint amach, coinneofar fócas ar an bpobal agus orthu siúd atá leochaileach ar imeall na sochaí. Is dá réir sin a rianófar a rathúla is atá FET sa réigiún. Tá an tionscadal comhoibríoch Dobharfheirme, atá ar tí tacaíochtaí fíorúla a dhearadh do mhúineadh an dobharshaothraithe, ina shampla de theicneolaíochtaí nua i múinteoireacht agus foghlaim atá ag tacú le tionscal na mara.

Tá idir áiseanna, infreastruchtúr, scil agus inniúlacht nach beag ag GRETB chun cláir Phrintíseachta a sheachadadh agus leanfaidh sé le Printíseachtaí Ceirde a sheachadadh i gcomhréir leis an mborradh a thagann faoin éileamh, ar nós printíseachtaí Leictreacha, Cearpantóireachta agus Siúinéireachta, Oibriú Miotail agus Mótair. Cuireadh tús le Printíseacht Pluiméireachta nua sa cheathrú ráithe de 2020 agus tá dhá ghlacadh isteach beartaithe in 2021. Tá GRETB i gcomhairliúchán le SOLAS faoi lathair maidir le spás breise a sholáthar don riaráiste oiliúna printíseachta, ar ceist náisiúnta é faoin tráth seo.

Tá múnlaí nua printíseachtaí agus cúrsa oiliúna á bhforbairt agus á bhfeidhmiú i gcónaí de réir spriocanna náisiúnta. Táimid i mbun comhordaithe agus comhoibrithe leis an earnáil thionsclaíoch agus le soláthróirí eile chun na printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna seo a sheachadadh. Chuir GRETB tús leis an bPrintíseacht Ceantálaíochta in 2019 i gcomhar le CDETB agus táthar ag súil leis an tríú glacadh isteach ar an gclár seo i mí Mheán Fómhair 2021. Táimid ag obair as lámha a chéile le LCETB ar an bPrintíseacht Gruagaireachta agus ag féachaint tús a chur léi i mí Mheán Fómhair 2021. Táthar ag súil tosú ar an bPrintíseacht Búistéireachta i Márta 2021 agus táthar ag clárú faoi láthair do na Printíseachtaí Díolacháin. Tá an Phrintíseacht do Theicneoirí Cuntasaíochta, i gcomhpháirt le Accounting Technicians Ireland, á reáchtáil sa GTI i gCathair na Gaillimhe agus tá an dara grúpa printísigh le tosú Meán Fómhair 2021. Tá printíseacht bhreise sa Chócaireacht Ghairmiúil sceidealta le tosú sa cheathrú ráithe de 2021, i gcomhpháirtíocht leis an Mol Nuálaíochta Bia i mBaile Átha an Rí.

Ba ag GRETB a bhí an ról ceannais i bhforbairt na Printíseachta Náisiúnta Cranneolaíochta, agus fuarthas bailíochtú QQI di in 2020. De bharr Covid-19, cuireadh moill ar thosú na printíseachta seo ach tá sí sceidealta le tosú anois in Aibreán 2021 agus an dara glacadh isteach sceidealta do Dheireadh Fómhair 2021.

Cuirtear ar fáil cúrsaí oiliúna agus cláir oiliúna chun scileanna ceirde a fhorbairt, atá idir sholúbtha agus fhreagrúil, chun go mbeadh siad oiriúnach go sainiúil do riachtanais aitheanta earnáil nó fo-earnáil tionscail faoi leith. Bíonn cáilíochtaí a aithnítear go náisiúnta mar thoradh orthu. Chuir GRETB tús le cúrsaí oiliúna i roinnt de na hionaid FET ar fud a réigiúin féin in 2018 agus 2019. Cuireadh tús le cúrsa oiliúna i gCúram Leanaí i gCathair na Gaillimhe agus i mBéal Átha na Sluaighe, agus le cúrsa oiliúna i bhFáilteachas i mBéal Átha na Slua. Is é GRETB a bhí i gceannas ar fhorbairt cúrsa oiliúna chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na hearnála closamhairc in iarthar na hÉireann i gcomhpháirtíocht le Screen Training Ireland. Leanfar leis na cúrsaí seo an athair in 2021. D'oibrigh GRETB le MSLETB

agus WWETB chun dámhachtainí nua Talmhaíochta a fhorbairt ag Leibhéal 5 agus 6. Leanfar ag tairiscint na gclár seo in 2021 chun tacú le pobail feirmeoireachta áitiúla.

Tá ionadaíocht ag GRETB ar thionscnamh Pháirc na Mara de chuid Údarás na Gaeltachta i gCill Chiaráin. Tionscnamh é seo atá treoraithe ag an earnáil féin, agus tugtar aitheantas ann dá thábhachtaí atá sé scileanna a fhorbairt sna hearnálacha Dobharshaothraithe agus Mara chun go mbeidh rath orthu. Tá cúrsaí Dobharshaothraithe agus Saoirseacht Bád ag tarlú sa cheantar anois chun tacú le hearnáil na mara, agus leanfar leo in 2021.

Tá raon tionscnamh san Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) forbartha ag GRETB chun ár bhfoireann FET a uas-sciliú, agus tá painéal seaimpíní TEL cruthaithe trasna ár n-ionaid FET chun tacú le hoideachas agus oiliúint TEL-bhunaithe ar líne. Tá na bearta seo ag dul i bhfeidhm go dearfach ar thorthaí agus deiseanna d'fhoghlaimoirí agus cuireann siad lenár solúbthacht teagmháil a dhéanamh agus a choinneáil le foghlaimoirí, go háirithe le linn na paidéime reatha. Chomh maith leis sin, tá sé i gceist againn Mol TEL a fhorbairt inár nIonad Oiliúna, Mervue, i gCathair na Gaillimhe.

Thug an rialtas isteach an tionscnamh Scileanna don Mhargadh (*Skills to Advance*) in 2018, a bhfuil sé mar aidhm aige díriú ar fhostaithe i ngach earnáil den fhórsa saothair, agus go háirithe orthu siúd a bhfuil leibhéal scileanna acu atá níos ísle ná Leibhéal 5 ar an NFQ agus atá rangaithe sa chatagóir leochaileach. Beidh clár ag Leibhéal 5 saor in aisce do na foghlaimoirí seo faoi choinníollacha an tionscnaimh seo, agus ní gá d'fhoghlaimoirí ach ranniócaíocht de 30% a dhéanamh i gcás clár ag Leibhéal 6. Tá Comhordaitheoir don tionscnamh Scileanna don Mhargadh ceaptha anois ag GRETB mar chuid den Aonad Rannpháirtíochta Fostóirí agus is é an dualgas atá ar an té sin ná tacú le comhlachtaí agus iad ag féachaint le scileanna a bhfostaithe a fhorbairt. Oibríonn an Comhordaitheoir le comhlachtaí agus le heagraíochtaí cosúil le Bord na Móna sa chás go bhfuil fostaithe tar éis a bpost a chailleadh, agus uas-sciliú agus athsciliú ag teastáil uathu.

Dhírigh Plean GRETB don tSeirbhís Oideachas Pobail (CES) don bhliain 2019 ar bhealaí a aimsiú chun dul i ngleic leis na foghlaimoirí sin is deacra rochtain a fháil orthu i suíomhanna pobail, féachaint lena riachtanais foghlama a aithint, áit a thabhairt dóibh ar chlár gearrthearma nó páirtaimseartha agus cabhrú leo dul ar aghaidh chuig roghanna creidiúnaithe eile FET. Leanfar leis an obair sin, agus cuirfear béim faoi leith ar limistéir thearcfhostaíochta cosúil le ceantair eacnamaíochta ball dubh (*blackspots*) aitheanta. Ag tús na paidéime Covid-19, b'éigean do GRETB na clár Oideachas Pobail a chur ar fáil go príomha ar líne. Spreagadh grúpaí pobail le cur isteach ar mhaoiniú faoin gciste Ag Maolú Míbhuntáiste, i mí na Nollag 2020.

Osclaíodh EROC (an tIonad Éigeandála Fáilteachais agus Ionduchtaithe) i mBealach an Doirín, Co. Ros Comáin i mí Aibreáin 2017 agus chuir GRETB tús le réimse clár oideachais a chur ar fáil dóibh siúd a bhí ina gcónaí ann. Réitíodh dhá sheomra ranga bunscoile tiomnaithe do ranganna sóisearacha agus sinsearacha, seomra ranga iar-bhunscoile chun tacú le déagóirí chomh maith le réimse ranganna do dhaoine fásta agus ranganna breisoideachais d'fhonn tacú le teagasc sa Bhéarla. Faoi láthair, tá ceathrar múinteoirí bunscoile san EROC mar go bhfuil clár Trasdula (*Transition*) againn do na leanaí sin atá réidh le dul isteach i ranganna príomhshrutha sa cheantar áitiúil. Tá trí bhunscoil áitiúla ag glacadh páirte sa chlár Trasdula mar aon le dhá mheánscoil. In 2020 bhí 46 leanaí ag freastal ar bhunoideachas san EROC, 21 san iar-bhunoideachas agus 67 duine fásta ag rochtain ar

ranganna oideachais. I mí na Nollag 2020 tháinig 32 leanbh bunscoile, 14 leanbh iar-bhunscoile agus 67 duine fásta chuig ionad EROC. Bhí siad seo sa bhreis orthu siúd a bhí ag freastal cheana féin. Tá formhór na leanaí bunscoile ag freastal ar scoil faoin tráth seo, seachas na leanaí a tháinig le déanaí. Tá gach leanbh iar-bhunscoile ag freastal ar an Meánscoil Áitiúil faoin tráth seo.

Déanfaidh an tSeirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) mar a leanas i rith 2021:

- leanfaidh sí lena hobair mar bhall gníomhach den Fhóram Scileanna Réigiúnach
- leanfar leis an socrú bualadh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fud an réigiúin gach ráithe, féachaint le riachtanais oiliúna iad siúd atá dífhostaithe a aithint
- leanfaidh sí lena comhoibriú leis na Cumainn Tráchtála chun naisc le fostóirí a láidriú
- leanfaidh sí le forbairt na Printíseachta Cranneolaíochta
- leanfar leis an obair printíseachtaí nua a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le lucht tionscail
- oibreoidh sí le MSLETB chun tús a chur leis an bPrintíseacht Bhúistéireachta agus Díolacháin
- oibreoidh sí le LCETB ar an bPrintíseacht nua Gruagaireachta
- oibreoidh sí le CDETБ chun tús a chur leis an tríú leagan den Phrintíseacht ceantálaíochta agus Seirbhísí Réadmhaoine
- oibreoidh sí i gcomhpháirtíocht le FIT chun Printíseacht Forbartha Bogearraí a fhorbairt
- na dámhachtainí nua Talmhaíochta ag Leibhéal 5/6 a chur chun feidhme i gcomhpháirt le MSLETB agus WWETB
- cur leis an soláthar i réimsí príomhscileanna, lena n-áirítear Turasóireacht agus Fáilteachas, eanáil na Mara agus an eanáil Déantúsaíochta
- an Plean Gníomhaíochta d'Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta [TEL] a chur i bhfeidhm
- Straitéis d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) [CPD] SOLAS a chur i bhfeidhm
- a dualgas Eanála Poiblí a chomhlíonadh
 - an Straitéis nua Litearthachta, Uimhearthachta agus Scileanna Digiteacha 10 mBliana a chur i bhfeidhm
 - Oibriú go comhoibríoch le lucht tionscail chun tacú le fostóirí, le fostaithe agus le pobail chun tacú le forbairt eacnamaíoch.

Seirbhísí Óige

Leanfaidh Seirbhísí Óige GRETB le riaradh Scéim Deontas Club Óige Áitiúil na Roinne Gnóthaí Leanaí agus Gnóthaí Óige do ghrúpaí óige deonacha agus cuirfidh sé i bhfeidhm na tionscadail nua Óige Luach ar Airgead. Tá Oifigigh Óige GRETB freagrach freisin as cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta Caighdeán Dearbhaithe le Seirbhísí Óige atá foireanntreoraithe.

Meitheal Drugaí Réigiún an Iarthair [WRDTF]

Cuirfidh na hOifigigh Teagmhála Pobail tionscnaimh cosúil le Planet Youth i bhfeidhm chun tacú le daoine óga agus pobail a bheith réamhghníomhach i stíl mhaireachtála dhearfach.

Idirghníomhaireacht don Lucht Siúil

Cuideoidh GRETB le hobair na hIdirghníomhaireachta Lucht Siúil i seachadadh a straitéise siúd.

Tacaíochtaí eile

Comhoibríonn GRETB chomh maith le gníomaireachtaí a oibríonn le grúpaí leochaileacha cosúil le daoine le laigí físiúla nó intleachtúla; seirbhísí príosúin, trí 53,400 uair an chloig de mhúinteoireacht a sholáthar, trí chomhoibriú, chun tacú lena gcuid oibre.

Figiúirí don Soláthar Breisoideachais agus Oiliúna 2020		
Catagóir Cláir	Foghlaimoír Leithleach	Tairbhíthe
Oiliúint Printíseach	467	467
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	1,227	1,804
Oiliúint Chumaisc	238	243
Grúpaí faoin Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas [BTEI]	1,895	3,080
Oideachas Pobail	1,300	1,881
Ionaid Oiliúna Pobail	33	33
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile [ESOL]	811	1,114
Oiliúint um Thráthnóna Breisoideachais & Oiliúna	368	384
Uaireanta Comhoibríthe Breisoideachais & Oiliúna	331	1,077
Dianteagasc Oideachas Bunata Aosach [ITABE]	41	41
Ceardlann na Roinne Cirt	61	64
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	128	141
Cistiú eile	84	90
Soláthar Iar-Ardteistiméireachta [PLC] (taifeadta faoi Scoileanna sa Phlean Seirbhíse seo)*		
Scileanna don Obair	174	200
Scileanna don Mhargadh	192	208
Soláthraithe Sainoiliúna	128	141
Oiliúint Sainscileanna	443	476
Cúrsaí d'Oiliúnaithe i bhFostaíocht	17	17
Cúrsaí do Dhaoine faoi Oiliúint	202	226
Teagasc Deonach Litearthachta	16	16

Príomhscéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais [VTOS Core]	357	463
Ógtheagmháil	235	272
Foghlaimoír Leithleach v Gníomhaíocht:	8,748	12,438

* Tagraíonn tairbhíthe don líon iomlán rannpháirtithe ar ár gcláir ó 1 Eanáir 2020 go 31 Nollaig 2020.

*Tá mic léinn Iar-Ardteistiméireachta agus Ranganna Tráthnóna i scoileanna taifeadta faoi scoileanna sa Phlean Seirbhíse.

Chomh maith leis sin, rinne breis is 2,600 rannpháirtí rialta freastal ar chlár Music Generation agus thairbhígh breis is 10,000 ó Sheirbhísí Óige, ón tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach agus ó dheontais a cuireadh ar fáil sa réigiún.

3.3 Ráiteas Seirbhíse - Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE) [OSD]

Tá an fhoireann do Thacaíocht agus d'Fhorbairt Eagraíochta (TFE) lonnaithe inár bPríomhoifig i mBaile Átha an Rí agus inár bhFo-oifig i Ros Comáin. Tá buiséad bliantúil €111 milliún ag GRETB, os cionn 2,000 ball foirne agus os cionn 25,000 foghlaimoírí/tairbhíthe. Cuireann an fhoireann TFE an oibríocht chúloifige ar fáil chun an eagraíocht mhór seo a riaradh agus tá sí freagrach as na réimsí riaracháin seo a leanas: Acmhainní Daonna, Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha, TFC agus Foirgnimh.

Is iad spriocanna na foirne TFE ná na próisis agus nósanna imeachta a chuireann taca faoi dhea-rialachas corparáideach in GRETB a fheabhsú, agus a chinntiú go n-úsáidtear go héifeachtúil agus go héifeachtach na hacmhainní daonna, airgeadais agus infreastruchtúracha is cuí do sheachadadh seirbhísí líne thosaigh trasna ár Scoileanna agus Ionaid.

Tá ár bhfoireann TFE [OSD] tiomanta do chur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise GRETB 2017-2021 agus bearta gaolmhara. I measc na dtionscadal agus na dtionscnamh atá pleanáilte don bhliain seo romhainn, tá:

- leanacht leis an tacaíocht dár Scoileanna/Ionaid/Príomhoifig i dtaobh na mbeart Sláinte & Sábháilteachta is gá le linn na paindéime Covid-19
- leanacht le teorú chur i bhfeidhm an ráitis nua sláinte agus sábháilteachta, an struchtúir tacaíochta bainistíochta, mar aon le hoiliúint d'fhoireann GRETB
- tacaíocht TFC/IT a chur ar fáil do scoileanna agus ionaid maidir le cianfhoghlaim
- tús a chur le tionscadal chun slándáil agus éifeachtúlacht bainistíocht gaireas TFC/IT a fheabhsú san eagraíocht
- faireachán agus athbhreithniú ar Chód Rialachais ETBanna (2019)
- leanacht ar aghaidh ag obair le ESBS ar thionscadal seirbhísí comhroinnte cosúil le:
 1. cur i bhfeidhm céimniúil córas nua airgeadais, sceidealta le bheith aistrithe sa tríú ráithe de 2021
 2. tionscadal seirbhíse comhroinnte Taistil & Cothaithe (T&S) sceidealta do Dheireadh Fómhair 2021

3. an dara cuid den tionscadal íocaíochta foghlaimeora tráth a n-aistreoidh íocaíochtaí foghlaimeora VTOS agus Ógtheagmhála chuig córas nua
 4. Uasghrádú den chóras Acmhainní Daonna/Párolla sa chéad/dara ráithe 2021
 5. modúl earcaíochta Core – píolótach
 6. tús a chur le hobair ar thionscadail eile bainteach le pinsin
- oibriú le ESBS chun a chinntiú go dtarlaíonn ár riachtanais oibriúcháin agus rialachais mar chuid den tionscadal seo agus mar chuid den tionscadal seirbhísí comhroinnte
 - leanacht le dea-chleachtas GDPR a leabú san eagraíocht
 - tacaíocht leanúnach do chur i bhfeidhm Music Generation i gContae na Gaillimhe, i gCathair na Gaillimhe agus i Ros Comáin;
 - ag cuidiú le cur i bhfeidhm na Straitéise Digití do scoileanna agus na Straitéise TEL in FET
 - clár caipitil suntasach a bhainistiú (lena n-áirítear i measc na dtionscadal mór – Gaelchamps nua do Choláiste an Eachréidh agus Gaelscoil Riada; sínte móra i gColáiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach, Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Coláiste Chilleáin, An Cnoc Breac, aonad nua ASD i gColáiste na Mainistreach, Mainistir na Búille, obair shuntasach athchóirithe sa bhfo-oifig i Ros Comáin. Tionscadail caipitil molta do FET: Mol TEL san Ionad Oiliúna in Mervue, uasghrádú ar charrchlóis in ionaid FET Bhaile Átha an Rí agus an Ghoirt, oibreacha athchóirithe don Phrintíseacht Cranneolaíochta, agus oibreacha eile nach iad)íneadh a chur le Coláiste Pobail Ros Comáin, an t-aonad nua do Neamhord de Chuid Speictream an Uathachais [ASD] i gColáiste Pobail na Mainistreach, Mainistir na Búille, oibreacha suntasacha athchóirithe ar ár bhfo-oifig i Ros Comáin, scoil nua do Choláiste an Eachréidh, oibreacha inár nIonad Oiliúna in Mervue, agus cinn eile nach iad);
 - ag tacú le tionscadail chaipitil dhéabhlóidithe i mbunscoileanna nach de Bhord Oideachais agus Oiliúna iad (de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil);
 - leanacht le cur i bhfeidhm céimniúil suíomhanna SharePoint inár scoileanna/ionaid agus sa Phríomhoifig, 5/6 freastalaí nua a chur isteach
 - comhoibriú leanúnach le BOOÉ [ETBI] agus fóraim ghaolmhara ar shaincheisteanna náisiúnta;
 - cur i bhfeidhm gach ciorclán nua, mar aon le hathruithe reachtacha de réir mar a tharlaíonn agus aon pholasaí agus tionscnamh nua náisiúnta mar a bhaineann leis an earnáil in 2021
 - bheith i dteagmháil le BOOÉ [ETBI] agus RO faoin bpróiseas do Chéim II den Dearadh Eagraíochtúil náisiúnta, chun a chinntiú go mbíonn an struchtúr riaracháin agus an saineolas is gá ag GRETB chun ár ndualgais reachtacha a chomhlíonadh, chun tacú lenár scoileanna agus ionaid, chomh maith le bheith in ann straitéisí náisiúnta agus Ráiteas Straitéise GRETB a chur i bhfeidhm.

4. Ráiteas Straitéise 2021

Cuirfear tús le, nó seachadfar, le linn 2021, na bearta seo a leanas, ar aon dul le Ráiteas Straitéise GRET.B.

Spríoc Straitéiseach 1:

Taithí agus rath foghlama foghlaimeoirí a fheabhsú

Tosaíocht 1.1: Cláir atá sofhreagrach agus nuálach a chur ar fáil

- Tús a chur leis an bprintíseacht cranneolaí nuachreidiúnaithe, chomh maith leis na printíseachtaí nua gruagaireachta, díolacháin, cócaireachta agus búistéireachta
- An tionscadal comhoibríoch Dobharfheirme, a bhfuil tacaíocht SOLAS aige, a thabhairt céim ar aghaidh
- Teagmháil leanúnach le fostóirí sa réigiún chun tacú le forbairt cláir, go háirithe sna réimsí clár Skills to Advance agus Skills to Complete

Tosaíocht 1.2: Eolas agus scileanna ábhartha a sholáthar d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, forbairt phearsanta, dul chun cinn agus fostaíocht

- Cláir a thairiscint ina mbeidh eilimintí de scileanna fiontraíochta agus digiteacha
- Scrúduithe Microsoft a thairiscint do bhaill foirne agus do mhic léinn
- Tús a chur le cur i bhfeidhm na Straitéise nua 10 mBliana Litearthachta, Uimhearthachta agus Scileanna Digiteacha
- Oibriú le heagraíochtaí trasna an réigiúin chun cláir agus cláir oiliúna a fhorbairt
- Soláthar Music Generation sa réigiún a leathnú tuilleadh

Tosaíocht 1.3: Eispéiris agus timpeallachtaí dearfacha foghlama a chothú

- Leanacht le cur i bhfeidhm threoirlínte an Rialtais maidir le bearta sláinte agus sábháilteachta bainteach le bheith ag obair/foghlaim go cianda le linn na paindéime Covid-19
- Leanacht le treorú chur i bhfeidhm an ráitis nua sláinte agus sábháilteachta inár scoileanna/ionaid/Príomhoifig, an struchtúir tacaíochta bainistíochta, mar aon le hoiliúint ina leith seo
- Cuidiú le forbairt Plean d'Ionaid Oideachais Allamuigh agus d'Ionaid Oiliúna
- Leanacht le tionscnaimh folláine a chur ar fáil don fhoireann agus d'foghlaimeoirí
- Clár píolótach Keep-Well Mark Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhóstóirí na hÉireann [IBEC] sa Phríomhoifig a chur chun cinn tuilleadh
- Leanacht leis an obair ar an Tionscadal Planet Youth
- Oibriú leis na hocht scoil atá rannpháirteach i Scéim Aitheantais Scoil Ghaeltachta na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Leanacht le cur chun cinn agus tacú le Cláir Erasmus i scoileanna agus ionaid
- Clár Cuidithe Fostaí a chur chun cinn

Tosaíocht 1.4: Timpeallachtaí foghlama le cuidiú teicneolaíochta [TEL] a chur ar fáil

- Tacú lenár bhfoireann agus foghlaimeoirí le hoibriú agus foghlaim chianda
- Bainistíocht gaireas in GRET.B a athbhreithniú agus a fheabhsú ó thaobh éifeachtúlachta agus slándála
- Leanacht le cur i bhfeidhm céimniúil suíomhanna SharePoint inár scoileanna/ionaid agus sa Phríomhoifig
- Leanacht le cur i bhfeidhm oiliúint TEL don fhoireann

- An straitéis dhigiteach a chur i bhfeidhm i scoileanna agus an straitéis TEL in FET
- Cruaearraí agus freastalaithe a chur in áit na gceann atá as dáta
- Leanacht le forbairt an ardáin do líonraí sainábhair laistigh de GRETB, trína mbeidh múinteoirí in ann comhoibriú i bhforbairt acmhainní múinteoireachta agus foghlama, chomh maith le smaointe, réitigh agus acmhainní a roinnt

Spríoc Straitéiseach 2:

Dul chun cinn foghlaimeoirí i mbaol míbhuntáiste, foghlaimeoirí le riachtanais speisialta nó le difríochtaí teanga, cultúrtha agus sóisialta a fheabhsú

Tosaíocht 2.1: Comhionannas agus ionchuimsiú gníomhach a chur chun cinn

- Cistiú a chur ar fáil do Ghrúpaí Pobail tríd an Mitigation Against Educational Disadvantage Fund (MAEDF) a sheol SOLAS mí na nollag 2020
- Leanacht lenár dtacaíocht d'fhoghlaim chianda do mhic léinn/foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste agus iad siúd le riachtanais speisialta, trí threalamh TFC/IT a thabhairt ar iasacht, mar aon bearta tacaíochta eile
- Tuilleadh oibre ar phlean Dualgas na hEarnála Poiblí
- Páirt a ghlacadh i bpróiseas ma BOOÉ [ETBI] maidir le Sainspiorad/Bunluachanna agus pleanáil do sholáthar ilchreidmheach inár mBord Oideachais agus Oiliúna

Tosaíocht 2.2 Cláir oideachais agus oiliúna inrochtana agus solúbtha a chur ar fáil

- Tacú lenár bhfoireann agus foghlaimeoirí maidir le hobair agus foghlaim chianda
- Faireachán agus athbhreithniú ar an soláthar ar líne ó thaobh cáilíochta agus caighdeáin
- Tionscadail chaipitil a chur chun cinn a chuideoidh le hinrochtaineacht e.g. Gaelchampas Bhaile Átha an Rí, Coláiste Colmcille, Indreabhán
- Dul i dteagmháil le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun suíomh oiriúnach do Scoil Náisiúnta Phobail [CNS] Chuan na Gaillimhe a aithint
- Leanacht le haird a dhíriú go náisiúnta agus ag leibhéal AE ar an ngá le polasaí maidir le hoideachas oileáin

Tosaíocht 2.3: Oideachas ardchaighdeáin agus ionchuimsitheach le torthaí foghlama feabhsaithe a chur ar fáil

- Clár an-rathúil litearthachta agus uimhearthachta GRETB do phrintísigh a leathnú amach chun tacú le foghlaimeoirí ar chlár eile breisoideachais agus oiliúna [FET]
- Leanacht ag cuardach ciste tiomnaithe míchumais d'fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna
- An Plean Feabhsúcháin Cáilíochta a chur i bhfeidhm

Tosaíocht 2.4: An trasdul/t-aistriú foghlaimeoirí ag amanna criticiúla sa chóras oideachais agus oiliúna a fheabhsú

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár píolótach Turas do dhaoine óga idir 12-15 bliain d'aois nach n-aistríonn go Dara Leibhéal
- Leanacht ag cothú caidrimh le coláistí tríú leibhéal trínár n-ionadaíocht ar an nGrúpa Oibre maidir le trasdul ó Bhreisoideachas go hArdoideachas, agus comhoibriú le ITG&ME [GMIT] agus OÉG ar chlár agus ar chonair rochtana
- Taighde a dhéanamh ar na dúshláin a bhíonn ag mic léinn agus iad ag aistriú ó bhunscoil go meánscoil agus réimsí beart gnímh comhaontaithe do scoileanna GRETB a aithint

Spríoc Straitéiseach 3:

Cláir oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin a sholáthar

Tosaíocht 3.1: Dearbhú cáilíochta a chothú inár gcláir oideachais agus oiliúna

- Pleanáil don chéad cruinniú athbhreithnithe DCCÉ/QQI agus an féinmheasúnú Dearbhaithe

Cáilíochta a chomhlánú

- Scoileanna le bheith rannpháirteach i gcláir féinmheasúnaithe agus a chinntiú go mbíonn a gcáipéis “Cuir Aithne ar do Scoil” tugtha suas chun dáta

Tosaíocht 3.2: Tacú le múinteoirí ar mhaithe le hardchaighdeáin mhúinteoireachta agus foghlama a bhaint amach

- Comhoibriú leanúnach a mhisniú i gcnuasghrúpaí múinteoirí ábhair atá bunaithe fud fad scoileanna GRETB, agus é seo a leathnú chun cnuasghrúpaí Comhordaitheoirí Idirbhliana a chur san áireamh
- Saineolas sa chleachtas is fear um chosaint leanaí agus Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) a fhorbairt trí thacú le FGL agus cur chuige comhchoiteann agus comhordaithe a bhunú fud fad scoileanna GRETB
- Saineolas sa gcleachtas is fearr maidir le hionduchtú múinteoirí nua a fhorbairt, trí thacú le agus maoiniú a chur ar fáil do FGL agus cur chuige comhchoiteann agus comhordaithe a bhunú maidir le meantóireacht do mhúinteoirí neamhcháilithe [NQT's] agus do mhúinteoirí ar shocrúcháin don Mháistir Gairmiúil le hOideachas (MGO) fud fad scoileanna GRETB
- Comhghuaillíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le coláistí MGO chun riachtanais GRETB a thabhairt i dtír ar an gcaoi is éifeachtaí
- Pobail cleachtais a bhunú sna réimsí foghlama fud fad ár seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna [FET] agus comhoibriú a roinnt

Tosaíocht 3.3: Úsáid sonraí ardcháilíochta, anailíse, taighde agus measúnaithe a mhéadú chun tionchar a imirt ar sheachadadh seirbhíse, agus saincheisteanna a thagann chun cinn a aithint

- Leanacht le torthaí scrúduithe stáit a chur i gcomparáid, a athbhreithniú agus a thomhais in aghaidh noirm náisiúnta
- Tuairiscí MSU Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim [MLL] a athbhreithniú agus scoileanna a dtaithí MSU a roinnt ag Fóram Gairmiúil Phríomhoidí GRETB
- Leanacht le húsáid sonraí ón gCóras Tacaíochta Foghlaimeora Cláir [PLSS] agus na Príomh-Oifige Staidrimh chun foghlaimeoirí a thraiceáil agus cláir a phleanáil
- Oibriú leis an bhFóram Scileanna Réigiúnach agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann [IBEC] chun monatóireacht a dhéanamh ar threonna geilleagracha
- Teagmháil a dhéanamh an athuair le Cumainn Tuismitheoirí agus tacú leis an bhFóram Tuismitheoirí nuabhunaithe do scoileanna

Tosaíocht 3.4: Ceannaireacht, nuálacht, feabhas leanúnach agus roinnt eolais a chothú

- Modhanna agus struchtúir a bhunú chun tacú le meantóireacht Príomhoidí & Príomhoidí Tánaisteacha nuacheaptha
- A bheith gníomhach i bhfóiraim na bPríomhfheidhmeannach/Stiúrthóirí agus i bhfóiraim eile BOOÉ [ETBI] cosúil le Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta [PLC], Príomhoidí, Airgeadas, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Seirbhísí Corparáideacha

Spríoc Straitéiseach 4:

A chinntiú go bhfuil ár n-infreastruchtúr eagraíochta (daoine, próisis agus struchtúir) éifeachtúil agus éifeachtach

Tosaíocht 4.1: A chinntiú go mbíonn an inniúlacht ag GRETB freastal go rathúil ar na héilimh reatha agus tionchar a imirt ar threo thodhchaí na hearnála

- Plean Straitéiseach nua Cúig Bliana a fhorbairt don eagraíocht
- FGL dár bhfoireann a chothú ar bhealach gníomhach, tacú léi agus í a thraiceáil
- Leanacht lenár dteagmháil le RO/SOLAS chun a chinntiú go mbíonn an struchtúr riaracháin chuí ag GRETB chun freastal ar riachtanais ár gcliant chomh maith le riachtanais reachtacha
- Leanacht lenár dteagmháil le RO agus SOLAS maidir le cistiú chun a chinntiú go mbíonn sé dóthanach dár líon mac léinn/foghlaimeoirí, líon atá ag méadú, mar aon le costais mhéadaitheacha

- Oibriú le ESBS ar thionscadail éagsúla, lena n-áirítear cur i bhfeidhm céimneach an chórais airgeadais nua, an mhodúil seirbhísí comhroinnte Taistil & Cothaithe [T&S], an dara céim den aistriú iocaíochtaí foghlaimeora chuig seirbhísí comhroinnte, mar aon le tionscadail bainteach le pinsin
- An modúl Earcaíochta Core a chur i bhfeidhm go pólótach
- Oibriú le ESBS chun a chinntiú go dtagann párolla agus an tionscadal seirbhísí airgeadais chomhroinnte le riachtanais GRETB i dtéarmaí oibríochtaí, rialachais agus leanúnachais gnó

Tosaíocht 4.2: Ár gcórais cumarsáide inmheánacha agus seachtracha a fheabhsú

- Grúpa Oibre Cumarsáide a bhunú
- Suíomh SharePoint a chur i bhfeidhm go céimneach do gach ball foirne le haghaidh beartais fud fad GRETB, foirmeacha, cumarsáid agus araile
- Obair a chur chun cinn ar chairt chustaiméirí GRETB chomh maith le plean gaolmhar
- Ionadaithe GRETB ag gníomhú agus i mbun ionadaíochta leis an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail [LCDC] i gCathair na Gaillimhe, i gContae na Gaillimhe agus i gContae Ros Comáin, ar an bhFóram Scileanna Reigiúnach agus Action Plan for Jobs West
- Naisc le OÉG, IT na Gaillimhe –Maigh Eo [GMIT], Bord Iascaigh Mhara, Údarás na Gaeltachta, GRD, FORUM Connemara, Comhairlí sa cheantar a neartú

Tosaíocht 4.3: Na timpeallachtaí múinteoireachta, foghlama agus oibre is fearr is féidir a chur ar fáil agus ag an am céanna acmhainní a uasmhéadú

- Leanacht ag lorg cistithe do thionscadail caipitil de réir mar is gá
- Clár suntasach caipitil a bhainistiú (lena n-áirítear i measc na dtionscadal mór – Gaelchamps nua do Choláiste an Eachréidh agus Gaelscoil Riada; sínte móra i gColáiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach, Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Coláiste Chilleáin, An Cnoc Breac, aonad nua ASD i gColáiste na Mainistreach, Mainistir na Búille, obair shuntasach athchóirithe sa bhfo-oifig i Ros Comáin. Tionscadail caipitil molta do FET: Mol TEL san Ionad Oiliúna in Mervue, uasghrádú ar charrchlóis in ionaid FET Bhaile Átha an Rí agus an Ghoirt, agus oibreacha eile nach iad)
- Oibriú le RO ar cheadú do thionscadail caipitil bhreise – scoil nua do Scoil Náisiúnta Phobail Chuan na Gaillimhe, céim II Choláiste an Ardeaspáig Mhic Éil, Tuaim agus Choláiste Pobail Ros Comáin
- Comhráití le SOLAS féachaint le teacht ar shaoráid nua chun cur lenár gclár printseachta agus daoine faoi oiliúint
- Leanacht ar aghaidh ag lorg síneadh a chur leis an mbanda leathan ardluais atá ar fáil i scoileanna a chur ar fáil inár nIonaid Breisoideachais agus Oiliúna (FET)
- Roinnt tionscadal a chur i gcrích chun slándáil TFC/IT a fheabhsú – freastalaithe nua a chur isteach, beartas bainistíochta gaireas, tacaíocht agus oiliúint i leith Office 365

Tosaíocht 4.4: An cleachtas is fearr rialachais chorparáidigh a chinntiú fud fad GRETB

- An próiseas bainistíochta riosca san eagraíocht a athbhreithniú agus rioscanna a mheas i gcomhthéacs Plean Straitéiseach GRETB
- Struchtúr nua rialachais i leith clár UBU Seirbhísí don Óige a chur i bhfeidhm
- An Cód nua Rialachais do Charthanachtaí a athbhreithniú agus na himpleachtaí do GRETB
- Leanacht ar aghaidh le leabú bainistíochta riosca fud fad GRETB
- Faireachán ar an gCód Rialachais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna
- Oiliúint a chur ar fáil do Bhoird Bhainistíochta nua
- Cairt custaiméirí a fhorbairt, mar aon le plean custaiméirí gaolmhar
- Oiliúint leanúnach a chur ar fáil do Bhoird Bhainistíochta agus do Choistí eile
- Uirlis oiliúna ar líne BOOÉ [ETBI] maidir le GDPR a chur chun cinn, mar aon le dea-chleachtas cosanta sonraí
- Beartais/polasaithe reatha a athbhreithniú agus iad a thabhairt suas chun dáta

5. Tosaíochtaí agus Spriocanna Seachadta Feidhmíochta

Le cois a bhfuil i bPlean Seirbhíse GRETB 2021, tá bearta ábhartha, táscairí feidhmíochta agus spriocanna, a thagann le spriocanna agus tosaíochtaí atá aitheanta ag an Roinn Oideachais (RO) mar chuid dá gComhaontuithe Seachadta Feidhmíochta le Boird Oideachais agus Oiliúna (féach an tábla thíos). Tá trasnaíl idir na tosaíochtaí atá aitheanta ag RO agus na tosaíochtaí straitéiseacha atá ag GRETB.

Aidhm 1	Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Taithí Mic Léinn/Foghlaimora a Uasmhéadú	Taithí dhearfach foghlama a chur ar fáil do gach foghlaimoir, lena n-áirítear foghlaimoirí ó ghrúpaí imeallaithe	Cistiú a chur ar fáil do Ghrúpaí Pobail tríd an Mitigation Against Educational Disadvantage Fund (MAEDF) a sheol SOLAS mí na nollag 2020	Cistiú riartha	Ceathrú Ráithe
	Curacclam leathan a chur ar fáil	Bearta tacaíochta a chur ar fáil d'fhoghlaim ó chian do mhic léinn faoi mhíbuntáiste agus d'fhoghlaimoirí le riachtanais speisialta e.g. trealamh TFC/IT	Tacaíochtaí ar fáil	Go leanúnach
	Córais Dearbhaithe Caighdeáin (QA) a chur i bhfeidhm	Pleanáil don chéad chruinniú athbhreithnithe DCCÉ/QQI agus an féinmheasúnú Dearbhaithe Cáilíochta a chomhlánú	Athbhreithniú rathúil	Tríú Ráithe
	Tacú le mic léinn/foghlaimoirí i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, ag teacht leis an bpolasaí náisiúnta reatha	Bearta tacaíochta d'fhoghlaim chianda a chur ar fáil do mhic léinn/foghlaimoirí faoi mhíbhuntáiste agus iad siúd le riachtanais speisialta e.g. soláthar trealamh TFC/IT	Tacaíochtaí ar fáil	Go leanúnach
	Seirbhísí treorach agus comhairle a sholáthar	Rannóg Earcaíochta Cúrsa agus Seirbhísí Treorach GRETB a chuíchóiriú	Bainisteoir líne amháin ceaptha	Ceathrú Ráithe
	Saoráidí foghlama/oiliúna ardchaighdeáin a sholáthar	Cás gnó a fhorbairt do SOLAS chun saoráid bhreise le haghaidh FET a cheannach, sin chun tacú le leathnú printíseachtaí agus daoine faoi oiliúint	Faomhadh faighte chun seo a chur chun cinn	Ceathrú Ráithe
	Oideachas allamuigh a chothú agus a fhorbairt	Leanacht le tacú le forbairt Phlean don Oideachas Allamuigh agus d'Oiliúint	Plean Foilsithe	Dara Ráithe
	Plean do dhéimeagrafaigh athraitheacha	Leanacht le faireachán agus pleanáil do dhéimeagrafacha athraitheacha, ag úsáid mapaí SLMRU agus AIRO, chomh maith leis an bPlean Forbartha Náisiúnta		Go leanúnach
	Teagmháil éifeachtach le fostóirí	Aonad Teagmhála Fostóirí ag obair le fostóirí chun cláir	Cláir forbartha	Go leanúnach

		Skills to Advance agus Skills to Complete a fhorbairt		
	Soláthair agus forbair clár do dhaoine faoi oiliúint agus do phrintísigh	An clár nua printíseachta cranneolaí a leathadh amach	Leathadh amach tosaithe	Dara Ráithe
	A chinntiú go bhfuil gach beart cosanta leanáí is gá i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta Cosanta Leanáí do Bhunscoileanna agus d'lar-Bhunscoileanna	Oiliúint i gCosaint Leanáí a chur ar fáil do Bhoird Bhainistíochta Clár ath-ghrinnfhiosrúcháin (re-vetting) a thosú, de réir rialacháin náisiúnta		Céad Ráithe Go leanúnach
	Tosaíocht a thabhairt do STEM/STEAM i scoileanna	Tacú le rannpháirteachas i gclár STEM/STEAM trí chur i bhfeidhm an chláir <i>Skype</i> chun glacadh Fisice mar ábhar a ghríosadh	Ardú sa ghlacadh ar Fhisic	Tríú Ráithe
	Tacaíochtaí foghlama ardchaighdeáin TF [IT] a chur ar fáil i scoileanna/ionaid	An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna agus an Straitéis d'Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta [TEL] do FET a chur i bhfeidhm agus leanacht le foghlaim chumaisc a chur ar fáil	Deontas in úsáid, ag teacht leis na paraiméadair	Go leanúnach
Aidhm 2 Tacaíocht Foirne	Earcú agus coinneáil foirne	Oiliúint bhreise in agallóireacht ar bhonn inniúlachta a chur ar fáil do chomhaltaí Boird agus ár bpolasaí agus nósanna imeachta earcaíochta a athbhreithniú	Oiliúint curtha ar fáil Beartas/polasaí Uasdátaithe	Tríú Ráithe An Chéad Ráithe
	Tacú leis an bhfoireann i FGL [CPD] leanúnach	Leanacht ag tacú leis an bhfoireann trí chur chun cinn FGL leanúnach agus tacaíocht airgeadais dá réir	An fhoireann uas-scilithe	Go leanúnach
	Forbairt Foirne	Is ceart don Phríomhfheidhmeannach a chinntiú: - go gceapfar ball foirne mar bhainisteoir oiliúna, - go ndéanfar anailís riachtanas i mbainistíocht airgeadais a chur i gcrích go bliantúil, - go bhforbraítear agus go gcuirtear i bhfeidhm clár oiliúna i mbainistíocht airgeadais.	Curfear tús le hathbhreithniú ar Foghlaim agus Fhorbairt Eagraíochta le cinntiú go mbíonn struchtúir leagtha síos chun freastal ar riachtanais oiliúna.	Ag dul ar aghaidh
	Tacú le agus ceannaireacht ardchaighdeáin a fhorbairt in GRETB	Athbhreithnigh cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil. Cuir leis an gclár	Athbhreithniú críochnaithe	Ceathrú Ráithe

		meantóireachta do Phríomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha nua agus tacaigh le bheith ar iasacht.		
	Feasacht sláinte agus sábháilteachta (S&S) a chur chun cinn	Comhaontaigh agus cuir i bhfeidhm tosaíochtaí straitéiseacha S&S GRETB le haghaidh 2021		Ceathrú Ráithe
	Timpeallacht oibre atá dearfach agus tacúil a chur ar fáil	Cuir chun cinn sa Phríomhoifig clár píolótach <i>Keep-Well Mark</i> de chuid IBEC	An <i>Keep-Well Marc</i> a bhaint amach	Ceathrú Ráithe
	Tacú le folláine foirne	Leanacht le ceardlanna folláine agus acmhainní folláine ar líne a chur ar fáil. An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe [EAP] a chur chun cinn	Ceardlanna curtha ar fáil Feasacht mhéadaithe	Go leanúnach
Aidhm 3 Rialachas	Struchtúir agus córais a fhorbairt chun freastal ar riachtanais athraitheacha na heagraíochta	An Bord agus Coiste Airgeadais/Coiste Iniúchta agus Riosca le tabhairt faoi fhéinmheasúnú, riachtanais oiliúna a aithint agus an Bord a choinneáil ar an eolas faoina gcuid oibre. Beartas bainistíochta riosca agus córas rialaithe inmheánach a chur i bhfeidhm.	Measúnú curtha i gcrích agus oiliúint curtha ar fáil mar ba ghá	Go leanúnach
	Airgeadas agus rioscaí a bhainistiú go héifeachtach	Oibriú le Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais (ESBS) ar chur i bhfeidhm an chórais nua airgeadais	Córas nua curtha isteach agus leathadh amach i scoileanna/ionaid	Tríú Ráithe
	Acmhainní a úsáid go héifeachtúil	Leanacht leis an bPlean Corparáideach Soláthair a leathadh amach		Go leanúnach
	Cumarsáid éifeachtach	Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta a bhunú	Plean bunaithe	Dara Ráithe
	Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha	Clár de Chomhaontuithe Leibhéal Seirbhíse le páirtithe leasmhara seachtracha a fhorbairt	Clár bunaithe	Ceathrú Ráithe
	Cosaint sonraí éifeachtach a chinntiú	Beartas an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a thabhairt suas chun dáta agus é a leathadh amach Mar is gá, athbhreithnigh conarthaí le soláthraithe sa Ríocht Aontaithe maidir le GDPR, i bhfianaise Breatimeachta		Dara Ráithe Go leanúnach
	Teagmháil éifeachtach le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt	Leanacht le comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus a leathnú	Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (SLA) agus	Go leanúnach

		amach e.g. Ionad Nuálaíochta Bia nua i mBaile Átha an Rí	Meabhráin Tuisceana (MOU) a chur i bhfeidhm d'aon pháirtnéireacht nua	
	An cleachtas is fearr ó thaobh soláthair a leanacht	Feasacht a mhéadú agus oiliúint a sholáthar ar an gcleachtas is fearr ó thaobh soláthair	Eolas chun dáta agus oiliúint ar fáil	Go leanúnach
	A chinntiú go gcomhlíontar riachtanais reachtacha agus rialála	Ráiteas airgeadais, plean seirbhíse agus tuarascáil bhliantúil a chomhlánú de réir sprioc-amanna reachtúla	Sprioc-amanna comhlíonta	Go bliantúil
	Cuidiú le RO, nuair is gá, chun freastal ar na riachtanais ag éirí ó Chlár Cosanta Chomhairle Dídeanaithe na hÉireann agus soláthar d'iarratasóirí idirnáisiúnta ar chúnamh	Comhoibriú leis na páirtithe leasmhara uile nuair is gá	Chomhoibrigh nuair ba ghá	Go leanúnach
	Rátaí Tinrimh ag Cruinnithe Boird	Is ceart do gach bord ar leith béim a chur an athuair ar an riachtanas freastal ar gach cruinniú boird, de réir an Chód Cleachtais do Rialachas ETBanna.	Clár Tinrimh	Go leanúnach
	Féinmheasúnuithe Boird	Is ceart do gach bord féinmheasúnú a chur i gcrích, ag úsáid an cheistneora atá mar chuid den Chód Cleachtais, chun réimsí ina bhfuil gá le feabhas a chur i gcrích, a aithint.	Breithmheas curtha i gcrích	Go leanúnach
	Saineolas airgeadais ar choistí iniúchta agus airgeadais	Is ceart don bhord ceapacháin ar na coistí iniúchta agus airgeadais a dhéanamh i gcomhairliúchán leis na cathaoirligh coiste. Is ceart go mbeadh na scileanna agus an taithí airgeadais agus iniúchta cuí ag comhaltaí seachtracha ina ról.	Comhaltaí seachtracha le saineolas in airgeadas agus iniúchadh ceaptha ar na Coistí Airgeadais agus Iniúchta agus Riosca	Mar is gá
	Breithmheas an bhoird ar obair curtha i gcrích ag Coistí Airgeadais agus Iniúchta & Riosca	Is ceart do chathaoirleach gach boird a chinntiú go bhfaigheann comhaltaí boird tuairiscí i scríbhinn ar an obair curtha i gcrích ag na coistí airgeadais agus iniúchta agus riosca, mar a iarrtar faoin gCód Cleachtais do Rialachas ETBanna.	Tuairiscí agus miontuairiscí curtha isteach chuig an mBord ag na Coistí Iniúchta & Riosca agus Airgeadais.	Mar is gá

Féimheasúnú ag na Coistí Airgeadais agus Iniúchta & Riosca	Is ceart do chathaoirligh na gcoistí iniúchta agus riosca agus airgeadais a chinntiú go gcuirtear beart féimheasúnaithe i gcrích uair sa bhliain, mar a éilítear faoin gCód Cleachtais do Rialachas ETBanna.	Féimheasúnú curtha i gcrích agus nóta déanta de sna miontuairiscí.	Mar is gá
Spríodhataí tuairiscithe na Roinne	Is ceart cloí go docht le spríodhataí atá leagtha síos ag an Roinn.	Tuairiscí mar a iarrtar iad a bheith faighte sa Roinn faoi na spríodhataí leagtha síos	Mar is gá
Beartas Bainistíochta Riosca	Is ceart do bhord gach ETB a chinntiú go mbíonn próiseas leanúnach i bhfeidhm arb é a chuspóir rioscaí suntasacha do thorthaí an eintitis a aithint agus gníomhú ar na rioscaí sin. Is ceart don choiste iniúchta agus riosca tacú leis an mbord sa ról seo.	Beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm, Clár Rioscaí gníomhach leagtha síos, athbhreithniú déanta go leathbhliantúil agus tuairisciú rialta chuig an gCoiste Iniúchta & Riosca.	Mar is gá
Rialuithe Inmheánacha	Is ceart do Bhord gach ETB a chinntiú go bhfaightear dearbhú dóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag obair mar a bhí beartaithe.	Rialuithe inmheánacha i bhfeidhm. Athbhreithniú déanta ar chórais agus dearbhuithe tugtha don Choiste Iniúchta & Riosca agus don Bhord.	Mar is gá

Achoimre Airgeadais GRETB

	Bliain dar críoch 31/12/2020 ¹	Measta ag Deireadh Bliana 31/12/2021 ²
<u>FÁLTAIS</u>		
Scoileanna & Príomhoifig	54,944,321	54,117,454 ³
Breisoideachas & Oiliúint [FET]	49,713,387	50,504,464
Seirbhísí don Óige	2,570,707	2,600,000
Gníomhaireachtaí	2,693,561	2,500,000
Féinmhaoinitheach	1,988,896	1,700,000
Caipitil	7,163,659	5,000,000
	€119,074,531	€116,421,918

<u>ÍOCAÍOCHTAÍ</u>		
Scoileanna & Príomhoifig	53,135,087	54,117,454
Breisoideachas & Oiliúint [FET]	46,531,672	50,504,464
Seirbhísí don Óige	2,496,076	2,600,000
Gníomhaireachtaí	2,420,956	2,500,000
Féinmhaoinitheach	1,631,023	1,700,000
Caipitil	4,942,280	6,000,000
	€111,139,094	€117,421,918

Athruithe maidir le FET in 2021

Aistrefar cistiú d'fhoireann tacaíochta i gcoláistí Iar-Ardteistiméireachta (PLC) neamhspleácha agus d'Oifigigh Oideachas Aosach ón Roinn Oideachais go SOLAS ó I Eanáir 2021.

¹ 2020 Fáltais & Íocaíochtaí faoi réir athraithe, sin ag éirí as cur i gcrích agus iniúchadh na Ráiteas Airgeadais.

² Sna fáltais Scoileanna & Príomhoifige 2021, tá aoisliúntas agus creidiúnaithe fáltais ón mbliain roimhe. Tá meastacháin FET faoi réir faomhadh ó SOLAS, sin ag éirí as FAR4 a bheith curtha ar fáil.

SCOILEANNA & PRÍOMHOIFIG GRETB		
	Bliain dar críoch	Measta, Bliain dar Críoch
	31/12/2020 ¹	31/12/2021
	Íocaíochtaí	
PÁ	46,918,9547,806,219	
NEAMHPHÁ	3,355,157	3,365,783
CLÁIR GHAOLMHARA ²		
Deontas Leabhar do Dhaltaí i nGátar	185,015	164,616
Coimhdire Bus	75,704	75,000
Deontais Covid-19	558,795	1,202,796
Deontas DEIS & Teagmháil Scoile-Baile	108,445	58,000
Straitéisí Digiteacha do Scoileanna 2015-2020	485,534	
Aitheantas Scoil Ghaeltachta 2018	433,612	452,367
Cistiú Breise Scoileanna Oileáin 2018	27,490	45,000
Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile [SSSF] ³	556,515	680,960
Deontas Ranga Speisialta (Trealamh)	29,958	
An Idirbhliain	157,178	75,430
Caipitíocht Lucht Siúil	19,142	54,870
Eile	123,901	36,413
	2,761,329	2,845,452
Scoileanna Náisiúnta Pobail (CNS)	99,647	100,000
	€53,135,087	€54,117,454
¹ 2020 Tá íocaíochtaí faoi réir athraithe ag éirí as cur i gcrích agus iniúchadh na Ráiteas Airgeadais. ² Tharlódh go mb'fhéidir go mbeadh cistiú ó bhlianta eile san áireamh caiteachais.		
	Íocaíochtaí Bliain dar Críoch	Measta Bliain dar Críoch

BREISOIDEACHAS & OILIÚINT GRETB		
	31/12/2020 ¹	31/12/2021²
Treoir san Oideachas Aosach	394,571	495,000
Litearthacht	2,767,859	3,073,639
Printíseacht	2,781,730	3,700,000
Foghlaimoirí faoi Mhíbhuntáiste [FET]	320,541	
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	2,368,090	2,456,708
Breacadh - Tionscadal Litearthachta Gaeltachta	198,208	205,000
Oideachas Pobail	465,185	527,000
Ionaid Oiliúna Pobail [CTW]	779,706	780,000
Oiliúint Tráthnóna	264,007	265,000
Tionscadail Nuálaíochta	314,209	185,000
Ceardlanna Dlí & Cirt	217,583	217,000
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	1,101,537	1,170,000
Foghlaim Ar Líne	140,723	140,000
Iar-Ardteistiméireacht	5,959,446	6,933,157
Cláir do Dhídeanaithe Aosach	398,860	415,000
Scileanna le Dul Chun Cinn	823,065	945,000
Oiliúint Scileanna	2,622,599	2,575,000
Soláthraithe Oiliúna Speisialtóra	1,989,213	2,100,000
Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta [TEL]	641,794	375,000
Daoine ar Chúrsaí Oiliúna [Traineeship]	1,729,766	2,015,000
VTOS	5,236,731	5,290,100
Ógtheagmháil	5,492,961	5,838,002
Uaireanta Comhoibríthe	3,184,273	3,230,000
Cláir/Tacaíochtaí Eile	265,585	878,858
Pá – Ionad Oiliúna Mervue	3,089,448	3,200,000
Costais Oibriúcháin	2,799,962	3,145,000
Dearbhú Cáilíochta	184,020	350,000
IOMLÁN BREISOIDEACHAIS & OILIÚNA (FET)		
¹ 2019 Tá iocaíochtaí faoi réir athraithe ag éirí as cur i gcrích agus iniúchadh na Ráiteas Airgeadais.	46,531,672	50,504,464
² 2020 Tá meastacháin faoi réir faomhadh ó SOLAS ag éirí as FAR4 a chur ar fáil.		

